Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11847/26**

**MI 774**
**COMPET 950**
**IND 484**
**POLARM 1**
**CFSP/PESC 1161**
**COARM 128**
**RELEX 1007**
**DELACT 113**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 4573 final |
| Ábhar: | TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 10.7.2026 lena leasaítear Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na dtáirgí a bhaineann le cosaint a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Liosta Comhchoiteann Míleata nuashonraithe an Aontais Eorpaigh an 23 Feabhra 2026 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4573 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 4573 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.7.2026
C(2026) 4573 final

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.7.2026**

**lena leasaítear Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na dtáirgí a bhaineann le cosaint a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Liosta Comhchoiteann Míleata nuashonraithe an Aontais Eorpaigh an 23 Feabhra 2026**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear na téarmaí agus na coinníollacha i ndáil le táirgí a bhaineann le cosaint a aistriú laistigh den Chomhphobal[1], tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leasófaí liosta na dtáirgí a bhaineann le cosaint atá leagtha amach san Iarscríbhinn. De bhun Airteagal 13 de Threoir 2009/43/CE, ní mór an Iarscríbhinn a bheith i gcomhfhreagairt dhocht le Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.

Is é an 23 Feabhra 2026 an uair dheireanach a thug an Chomhairle Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh cothrom le dáta[2]. Go dtí seo, ní dhearnadh an Iarscríbhinn a ailíniú leis an leasú is déanaí ar an Liosta Comhchoiteann Míleata. Is gá sin a dhéanamh trí ghníomh tarmligthe a ghlacadh.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

De bhun Airteagal 13a (4) de Threoir 2009/43/CE, sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe lena leasófar an Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2009/43/CE, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Rinneadh comhairliúchán le Baill an tsainghrúpa maidir le hAistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint laistigh den Aontas Eorpach.

Ní dhéantar foráil sa Treoir maidir le sásra aiseolais ar bhonn na rialacha maidir le Rialáil Níos Fearr mar gheall air gur de chineál teicniúil, agus den chineál sin amháin, ailíniú na hIarscríbhinne leis an Liosta Comhchoiteann Míleata, rud nach féidir leis an gCoimisiún aon lánrogha a fheidhmiú ina leith.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Rinneadh Treoir 2009/43/CE a leasú le Rialachán (AE) 2019/1243 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[3]. Leagtar síos feidhmiú an tarmligin san Airteagal 13a nua de Threoir 2009/43/CE.

Foráiltear le hAirteagal 1 den Treoir Tharmligthe go gcuirfear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir Tharmligthe, arb ionann a hinneachar agus an Liosta Comhchoiteann Míleata mar a thug an Chomhairle cothrom le dáta go deireanach é, go gcuirfear í sin in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Treoir 2009/43/CE.

Le hAirteagal 2 leagtar síos na sprioc-amanna faoina gceanglaítear ar na Ballstáit na bearta trasuímh is gá a ghlacadh, a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm agus ceanglaítear orthu téacs na bhforálacha sin a chur in iúl don Choimisiún maille le téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir Tharmligthe.

[1] IO L 146, 10.6.2009, lch. 1.
[2] IO C, C/2026/1640, 13.3.2026, lch. 1.
[3] IO L 198, 25.7.2019, lch. 241.

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.7.2026**

**lena leasaítear Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na dtáirgí a bhaineann le cosaint a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Liosta Comhchoiteann Míleata nuashonraithe an Aontais Eorpaigh an 23 Feabhra 2026**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear na téarmaí agus na coinníollacha i ndáil le táirgí a bhaineann le cosaint a aistriú laistigh den Chomhphobal ([1]), agus go háirithe Airteagal 13 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá feidhm ag Treoir 2009/43/CE maidir le táirgí a bhaineann le cosaint de réir mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann léi. De réir Airteagal 13 de Threoir 2009/43/CE, ní mór an Iarscríbhinn sin a bheith i gcomhfhreagairt dhocht le Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.

(2) Ghlac an Chomhairle Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh an 19 Márta 2007 agus tugadh cothrom le dáta é roinnt uaireanta ó shin. An 23 Feabhra 2026, ghlac an Chomhairle Liosta Comhchoiteann Míleata nuashonraithe an Aontais Eorpaigh ([2]). Is gá, dá bhrí sin, liosta na dtáirgí a bhaineann le cosaint a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2009/43/CE a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2009/43/CE a leasú dá réir.

(4) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin ([3]), ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Treoir 2009/43/CE.

---

[1] IO L 146, 10.6.2009, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/43/oj

[2] IO C, C/2026/1640, 13.3.2026, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/C/2026/1640/oj

[3] IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

*Airteagal 2*

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo dá dtagraítear in Airteagal 1 a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an lá deireanach den 3ú mí tar éis dháta an fhoilsithe in IO...] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 5 lá oibre tar éis an dáta dá bhforáiltear sa chéad fhomhír...].

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.7.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*